## Téarmaí agus Coinníollacha d'iarrthóirí ar scrúduithe TEG ag leibhéal A1, A2, B1, B2 agus C1

## *Terms & Conditions for TEG exam candidates at level A1, A2, B1, B2 and C1*

**Eolas tábhachtach**

- Beidh íosmhéid 15 iarrthóir ag teastáil i ngach ionad chun go gcuirfear scrúduithe ar siúl ann. Mura bhfuil dóthain éilimh ar aon cheann de na hionaid, beidh an rogha ag na hiarrthóirí a chláraigh don ionad sin aisíocaíocht a fháil nó taisteal chuig ionad scrúdaithe eile.
- Ní féidir le hiarrthóir dhá scrúdú cainte a dhéanamh ar an lá céanna.
  Eiseofar torthaí ar an ríomhphost 6-8 seachtaine tar éis na scrúduithe. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir iad a eisiúint níos luaithe. Seolfar teastais sa phost chomh luath agus is féidir chuig iarrthóirí ar éirigh leo sa scrúdú.
- Tá gach eolas maidir le leagan amach an scrúdaithe ar fáil ar www.teg.ie. Tá sé de dhualgas ar an iarrthóir tuiscint a bheith acu ar leagan amach an scrúdaithe.

***Important Information***

- *A minimum of 15 candidates is required at each venue for exams to be conducted. If there is insufficient demand at any venue, candidates registered for that venue may choose to receive a refund or travel to another exam centre.*
- *Candidates may not sit more than one oral exam on the same day.*
  *Results will be released 6-8 weeks after the exams. Please note that results cannot be expedited. Certificates will be posted to those who pass the exam as soon as possible.*
- *Full details of the exams are available on www.teg.ie. It is the candidate's responsibility to understand the format of the exam.*

**Agus scrúdú á chur in áirithe le Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG), aontaítear leis na téarmaí agus coinníollacha seo a leanas:**

***By booking an exam with Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG), you agree to the following terms and conditions:***

**1. Incháilitheacht**

- Ní mór d'iarrthóirí a bheith ocht mbliana déag nó níos sine chun scrúdú TEG a dhéanamh.
- Má tá aon iarrthóir faoi 18 is gá **an fhoirm seo** a líonadh agus a chur faoi bhráid oifig TEG ar a laghad 14 lá oibre roimh dháta an scrúdaithe.

***1. Eligibility***

- *Candidates must be 18 years or older to take a TEG exam.*
- *If a candidate is under 18,* ***this form*** *must be completed and submitted to the TEG office at least 14 working days before the exam date.*

**2. Áirithint agus Íocaíocht**

Caithfidh gach iarrthóir a chinntiú go bhfuil ríomhphost deimhnithe faighte acu i ndiaidh dóibh clárú don scrúdú, le dearbhú gur éirigh

***2. Booking and Payment***

*Candidates must ensure they receive a confirmation email after registering for the exam, confirming successful registration*

| | |
|---|---|
| leis an gclárúchán & leis an íocaíocht. Mura bhfaightear ríomhphost deimhnithe, ba chóir dul i dteagmháil le hoifig TEG ag teg@mu.ie láithreach.<br><br>Ní ghlacfar le hiarratas i ndiaidh an spriocdháta. | *and payment. If no confirmation email is received, contact TEG immediately at **teg@mu.ie**.*<br>*Applications will not be accepted after the deadline.* |
| **3. Riachtanais bhreise**<br>• Má tá riachtanais bhreise ag aon iarrthóir i gcomhthéacs scrúdaithe, ní mór sin a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais.<br>• Is gá don iarrthóir na cáipéisí oifigiúla tacaíochta (mar shampla, litir oifigiúil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit a chuireann síos ar na tacaíochtaí a fhaightear i gcomhthéacs scrúdaithe) a sheoladh ar ríomhphost chuig teg@mu.ie **ar a laghad trí seachtaine** roimh dháta an scrúdaithe.<br>• Ní féidir le foireann TEG freastal ar aon iarrthóir nach bhfuil tar éis cáipéisíocht a chur ar fáil faoin spriocdháta.<br><br>Tá tuilleadh eolais **anseo**. | ***3. Additional Requirements***<br>• *If a candidate has additional requirements in an exam context, this must be indicated on the application form in the appropriate section.*<br>• *Candidates must send the official supporting documentation (for example, an official letter from the State Examinations Commission, outlining the support that is typically received in an exam context) by email to teg@mu.ie **at least three weeks** before the exam.*<br>• *TEG cannot accommodate candidates who fail to provide documentation by the deadline.*<br><br>*More information is available **here**.* |
| **4. Cosaint sonraí**<br>• Agus iarrthóirí ag clárú don scrúdú seo, táthar ag tabhairt cead d'oifig TEG torthaí na scrúduithe a thabhairt d'Oifig an Chláraitheora sa choláiste cuí.<br>• Bainfear úsáid as sonraí pearsanta a bhailítear le linn an phróisis chlárúcháin agus scrúdaithe ar mhaithe le cúrsaí riaracháin amháin.<br>• Anois is arís, seans go mbeidh sonraí pearsanta na n-iarrthóirí in úsáid ag Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, i bhformáid anaithnid do chúrsaí taighde, traenála agus staitistiúla amháin.<br><br>Pléifear leis na sonraí de réir **Pholasaí Chosaint Sonraí Ollscoil Mhá Nuad.** | ***4.Data Protection***<br>• *By registering for this exam, candidates give consent to TEG to share exam results with the Registrar's Office in the relevant college*<br>• *Personal data collected during registration and examination will be used for administrative purposes only.*<br>• *Occasionally, anonymised candidate data may be used by Maynooth University's Centre for Irish Language for research, training, and statistical purposes.*<br><br>*Data will be handled in accordance with **Maynooth University's Data Protection Policy**.* |

| | |
|---|---|
| **5. Polasaí aisíocaíochta agus athló/tarraingt siar**<br>• Má tharraingíonn iarrthóir siar ó scrúdú páirtchreidiúna (scrúdú cainte), ní aisíocfar an táille ach amháin sna cúinsí seo:<br>  • Tinneas (caithfear nóta dochtúra a chur ar fáil);<br>  • Cúiseanna eisceachtúla (déanfar na cásanna seo a mheas de réir mar a thagann siad chun cinn)<br>• Má tharraingíonn iarrthóir siar ó scrúdú lánchreidiúna (scrúdú iomlán) níos mó ná 14 lá oibre roimh an scrúdú, gheobhaidh iarrthóirí an táille ar ais lúide táille riaracháin €40.<br>• Má tharraingíonn iarrthóir siar in achar ama níos lú ná 14 lá oibre roimh an scrúdú, ní aisíocfar aon chuid den táille scrúdaithe ach amháin i gcás iarrthóirí a chuireann teastas dochtúra bailí ar fáil.<br>• Ní dhéanfar aon eisceacht ar na rialacha seo agus tá na rialacha céanna i bhfeidhm má tá iarrthóir ag iarraidh scrúdú a chur ar athló. | ***5.Refund and Rescheduling Policy***<br>• *If a candidate withdraws from a partial certification exam (oral exam), the fee will only be refunded in the following cases:*<br>  o *Illness (a doctor's note must be provided);*<br>  o *Exceptional circumstances (assessed on a case-by-case basis).*<br>• *If a candidate withdraws from the full certification exam (full exam) more than 14 days before the exam, they will be refunded the exam fee minus admin fee of €40.*<br>• *If a candidate withdraws less than 14 days before the exam, their exam fee won't be refunded; except in the case that a valid doctor's note is provided to TEG.*<br>• *There are no exceptions to these rules, and the same rules apply if a candidate wishes to reschedule/postpone an exam.* |
| **6. Nósanna imeachta an scrúdaithe**<br>Ní mór do gach iarrthóir a bheith i láthair ar a laghad 5 nóiméad roimh am an scrúdaithe cainte. Ní mór do gach iarrthóir a bheith i láthair ar a laghad 10 nóiméad roimh am an scrúdaithe scríofa.<br>Ní cheadófar d'iarrthóirí a thagann mall an scrúdú a dhéanamh. Ní thabharfar aisíocaíocht sa chás seo.<br>Caithfidh gach iarrthóir cárta aitheantais bailí a thaispeáint don fheitheoir agus iad ag síniú isteach ar lá an scrúdaithe. Glacfar le pas reatha, ceadúnas tiomána reatha, cárta mic léinn reatha nó le cárta aitheantais náisiúnta. Níl cead an seomra scrúdaithe a fhágáil sa 30 nóiméad deireanach den scrúdú scríofa.<br>Tá tuilleadh eolais **anseo** | ***6.Exam Procedures***<br>*Candidates must arrive at least* ***5 minutes before the exam time*** *to sign-in.*<br>*Late arrivals will not be allowed to sit the exam, and no refund will be given.*<br>*Candidates must present valid photo ID when signing in on exam day. Accepted IDs include current passport, current driving licence, current student card, or national ID card.*<br>*Candidates are not permitted to leave the exam hall in the last 30 minutes of the written exam.*<br>*More information is available* ***here*** |

| | |
|---|---|
| **7. Cóipcheart**<br>Ní ceadmhach fón póca ná aon ghléas eile a úsáid chun taifeadadh d'aon chineál a dhéanamh ar aon chuid den scrúdú. Tá an t-ábhar scrúdaithe faoi chóipcheart agus tá cosc iomlán ar aon chuid den ábhar a chóipeáil, a thaifeadadh, nó a roinnt. | ***7.Copyright***<br>*Mobile phones or any devices may not be used to record any part of the exam. Exam materials are copyrighted and may not be copied, recorded, or shared.* |
| **8. Torthaí, Achomhairc agus Teastais**<br>• Eiseofar torthaí ar an ríomhphost 6-8 seachtaine tar éis na scrúduithe. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir iad a eisiúint níos luaithe.<br>• Seolfar teastais sa phost chuig iarrthóirí ar éirigh leo sa scrúdú chomh luath agus is féidir. Tá rogha ag iarrthóirí<br>• achomharc a iarraidh má shásaíonn a n-iarratas na forais achomhairc atá luaite ar an leathanach seo. Tá an t-eolas ar fad faoin bpróiseas achomhairc ar fáil anseo. Gheobhaidh iarrthóirí breis eolais ar an ríomhphost. | ***8.Results, Appeals, and Certificates***<br>• *Results will be released 6-8 weeks after the exams take place. Please note that results cannot be expedited.*<br>• *Certificates will be posted to successful candidates as soon as possible. Candidates may request an appeal if*<br>• *their application meets the appeal criteria listed* ***here****. Full details of the appeals process are available on* ***that page*** *and will also be emailed to candidates.* |

| | |
|---|---|
| **9. Dliteanas**<br>• Ní bheidh TEG freagrach as aon earraí pearsanta a thugann iarrthóir isteach leo chuig an ionad scrúdaithe.<br>• D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh cásanna *force majeure* isteach ar reáchtáil na scrúduithe (m.sh. tubaistí nádúrtha, rabhadh aimsire, teip idirlín, géarchéimeanna sláinte, srianta rialtais srl.) Má tharlaíonn a leithéid, tá cead ag TEG scrúduithe a chur ar ceal nó a athsceidealú faoi ghearrfhógra.<br>• Forchoimeádann TEG an ceart na téarmaí seo a leasú ag am ar bith. | ***9.Liability***<br>• *TEG is not responsible for any personal belongings brought to the exam centre.*<br>• *Force majeure events (e.g. natural disasters, weather warnings, internet failure, health crises, government restrictions etc.) may affect exam scheduling. In such cases, TEG reserves the right to cancel or reschedule exams at short notice.*<br>• *TEG reserves the right to amend these terms at any time.* |
| Má bhíonn ceist ar bith ag aon iarrthóir faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo, ba chóir dul i dteagmháil linn ag **teg@mu.ie.** | *For any questions about these Terms and Conditions, contact* ***teg@mu.ie****.* |